



**SOCRÚ OIBRE
IDIR
OIFIG AN IONCHÚISITHEORA PHOIBLÍ EORPAIGH ('OIPE')
AGUS GNÍOMHAIREACTH AN AONTAIS EORPAIGH UM
CHOMHAR CEARTAIS CHOIRIÚIL ('EUROJUST')**

**SOCRÚ OIBRE
IDIR
OIFIG AN IONCHÚISITHEORA PHOIBLÍ EORPAIGH ('OIPE')
AGUS GNÍOMHAIREACHT AN AONTAIS EORPAIGH UM CHOMHAR CEARTAIS
CHOIRIÚIL ('EUROJUST')**

RÉAMHRÁ

TÁ Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (dá ngairtear 'OIPE' anseo feasta) agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (dá ngairtear 'Eurojust' anseo feasta), dá ngairtear 'na Páirtithe' le chéile,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 85, 86 agus Airteagal 325 de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/1939 an 12 Deireadh Fómhair 2017, a chuireann comhar feabhsaithe chun feidhme maidir le bunú OIPE (dá ngairtear 'Rialachán OIPE' anseo feasta), agus go háirithe Airteagal 3(3), 22-27, 39, 48, 54, 99, 100 agus 113 de,

Ag féachaint do Rialacha Nós Imeachta Inmheánacha OIPE a ghlac Coláiste OIPE an 12 Deireadh Fómhair 2020, agus go háirithe Airteagail 38, 41, 42, 43, 57 agus 66 de,

Ag féachaint do Threoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil (dá ngairtear 'Treoir CLA' anseo feasta),

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1727 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust) agus a ghabhann ionad Chinneadh 2002/187/JHA ón gComhairle, dá ngairtear 'Rialachán Eurojust' anseo feasta, agus lena n-aisghairtear an cinneadh sin, agus go háirithe Airteagail 2, 3, 4(1)(e), 8(1)(b), 13(3), 15(1), 16(8), 20(3)(b), 26, 45, 46, 47, 50, 55 agus 78 de,

Ag féachaint do Rialacha Nós Imeachta Eurojust a d'fhormheas an Chomhairle arna cur chun feidhme le Cinneadh (AE) 2019/2250 an 19 Nollaig 2019 agus a ghlac an Coláiste an 20 Nollaig 2019, dá ngairtear 'Rialacha Nós Imeachta Eurojust' anseo feasta, agus go háirithe Airteagail 5(5)(c) agus 11(4) agus (10) díobh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 ar dhaoine nádúrtha a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus ar shaorghluaiseacht sonraí den chineál sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh 1247/2002/CE, dá ngairtear 'Rialachán 2018/1725' anseo feasta,

Ag féachaint do na Rialacha Nós Imeachta maidir le próiseáil agus cosaint sonraí pearsanta ag Eurojust arna gceadú ag an gComhairle trí Chinneadh (AE) 2019/2250 an 19 Nollaig 2019 a Chur Chun Feidhme agus arna nglacadh ag an gColáiste an 20 Nollaig 2019,

De bhrí, i bhfianaise phrionsabal an chomhair dhílis, go mbunóidh agus go gcothabhálfaidh OIPE agus Eurojust dlúthchaidreamh atá bunaithe ar chomhar frithpháirteach laistigh dá sainorduithe agus inniúlachtaí faoi seach, mar iarracht próiseas chomh héifeachtúil agus is féidir a dhéanamh as an bcomhrac i gcoinne calaoise, éillithe agus aon chionta coiriúla eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh,

De bhrí go bhforbróidh OIPE agus Eurojust naisc oibríochta, riaracháin agus bainistíochta,
TAR ÉIS A CHINNEADH mar a leanas:

CAIBIDIL I FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1 Cuspóir

De bhun Airteagal 100 Rialachán OIPE agus Airteagail 3(2) agus 50 Rialachán Eurojust, is é cuspóir don Socrú Oibre seo foráil a dhéanamh chun naisc oibríochta, riaracháin agus bainistíochta a chur chun feidhme go praiticiúil idir na Páirtithe laistigh de na teorainneacha reatha atá ar a gcreataí dlíthiúla agus sainorduithe dlí faoi seach.

Airteagal 2 Sainmhínithe

Chun críche an tSocraithe Oibre seo:

- a. Ciallaíonn 'Ionchúisitheoir Eorpach' foireann OIPE dá dtagraítear in Airteagail 16 agus 96(1) de Rialachán OIPE;
- b. Ciallaíonn 'Ionchúisitheoir Tarmligthe Eorpach' foireann OIPE dá dtagraítear in Airteagail 17 agus 96(6) de Rialachán OIPE;
- c. Ciallóidh 'ball náisiúnta' comhalta náisiúnta, ionadaithe agus cúntóirí na gcomhaltaí náisiúnta de réir Airteagal 7 de Rialachán Eurojust;
- d. Ciallóidh 'sonraí pearsanta' aon fhaisnéis a bhaineann le duine nádúrtha sainaitheanta nó inaitheanta (ábhar sonraí); is ionann duine nádúrtha inainaitheanta agus duine is féidir a shainaithint, go díreach nó go hindíreach, go háirithe trí thagairt a dhéanamh d'aitheantóir amhail ainm, uimhir aitheantais, sonraí suímh, aitheantóir ar líne nó ceann amháin nó níos mó d'fhachtóirí a bhaineann go sonrach le céannacht fhisiceach, fhiseolaíoch, ghéiniteach, mheabhrach, eacnamaíoch, chultúrtha nó shóisialta an duine nádúrtha sin.

Airteagal 3 Réimsí oibre

Beidh baint ag an gcomhar mar atá sé leagtha síos sa Socrú Oibre seo leis na réimsí ábhartha coireachta atá faoi shainordú an dá Pháirtí, lena n-áirítear go sonrach cionta coiriúla a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh dá bhforáiltear sa Treoir CLA, mar a chuirtear chun feidhme é leis an dlí náisiúnta.

CAIBIDIL II

MALARTÚ FAISNÉISE AGUS COMHAR BREITHIÚNACH

Airteagal 4

Prionsabail ghinearálta

1. De bhun Airteagal 100 de Rialachán OIPE agus Airteagal 50 de Rialachán Eurojust, roinnfidh OIPE agus Eurojust faisnéis atá ar fáil ina gcórais bainistithe cásanna faoi seach agus a bhaineann lena n-inniúlachtaí faoi seach, lena n-áirítear sonraí pearsanta.
2. De bhun Airteagal 24(1) de Rialachán OIPE agus Airteagal 50(4) de Rialachán Eurojust, cuirfidh Eurojust OIPE ar an eolas faoi aon iompar coiriúil a bhféadfadh sé a inniúlacht a fheidhmiú ina leith, trí úsáid a bhaint as an teimpléad a comhaontaíodh idir na Páirtithe.

Airteagal 5

Rochtain OIPE ar fhaisnéis i gcóras bainistithe cásanna Eurojust

1. De bhun Airteagal 100(3) de Rialachán OIPE, más mian le OIPE a fhíorú an bhfuil faisnéis atá stóráilte ina chóras bainistithe cásanna comhoiriúnach le faisnéis atá stóráilte i gcóras bainistithe cásanna Eurojust, cuirfidh sé iarraidh faoi bhráid Eurojust tríd an teimpléad a comhaontaíodh idir na Páirtithe.
2. I gcás braite, cuirfidh Eurojust OIPE ar an eolas agus, arna iarraidh sin do OIPE nó ar a thionscnamh féin, féadfaidh Eurojust sonraí breise a sholáthar do OIPE a bhaineann leis an bhfaisnéis a soláthraíodh i dtosach, tar éis toiliú a fháil ón údarás náisiúnta a chuir an fhaisnéis ar fáil go Eurojust.

Airteagal 6

Rochtain Eurojust ar fhaisnéis i gcóras bainistithe cásanna OIPE

1. De bhun Airteagal 50(5) de Rialachán Eurojust, más mian le Eurojust a fhíorú an bhfuil faisnéis atá stóráilte ina chóras bainistithe cásanna comhoiriúnach le faisnéis atá stóráilte i gcóras bainistithe cásanna OIPE, cuirfidh sé iarraidh faoi bhráid OIPE tríd an teimpléad a comhaontaíodh idir na Páirtithe.
2. I gcás braite, cuirfidh OIPE Eurojust ar an eolas agus, arna iarraidh sin do Eurojust nó ar a thionscnamh féin, féadfaidh OIPE sonraí breise a sholáthar do Eurojust a bhaineann leis an bhfaisnéis a soláthraíodh i dtosach.

Airteagal 7

Feidhmiú inniúlachta ag OIPE agus Eurojust

1. De bhun Airteagal 24(7) de Rialachán OIPE, nuair a chinneann OIPE, ar fhíorú faisnéise arna sholáthar ag Eurojust, nach bhfuil aon fhorais ann imscrúdú a thionscnamh nó a cheart easghairme a fheidhmiú, cuirfidh OIPE an méid sin in iúl do Eurojust gan mhoill mhíchuí.
2. De bhun Airteagal 26(2) de Rialachán OIPE, nuair a chinneann OIPE, ar fhíorú faisnéise arna soláthar ag Eurojust, imscrúdú a thionscnamh, cuirfidh OIPE an méid sin in iúl do Eurojust gan mhoill mhíchuí.

3. De bhun Airteagal 34(8) de Rialachán OIPE agus de réir faisnéise arna soláthar ag Eurojust do OIPE, cuirfidh OIPE Eurojust ar an eolas gan mhoill mhíchuí faoi aon chinneadh cáschomhad, atá bunaithe ar an bhfaisnéis sin, a aistriú chuig na húdaráis náisiúnta inniúla.

I gcás go gcomhfhreagraíonn an fhaisnéis a sholáthraíonn Eurojust d'imscrúdú a d'oscail OIPE cheana féin nó do cháschomhad a d'aistrigh OIPE cheana chuig na húdaráis náisiúnta inniúla, cuirfidh OIPE a chinneadh in iúl do Eurojust freisin gan mhoill mhíchuí.

Airteagal 8

Iarrataí ar chomhar breithiúnach, agus cinntí maidir leis, a tharchur agus a chomhlíonadh

De bhun Airteagal 100(2)(b) de Rialachán OIPE, faoi chuimsiú imscrúduithe OIPE lena mbaineann Ballstáit nach nglacann páirt i mbunú OIPE, féadfaidh OIPE cuireadh a thabhairt do Bhall Náisiúnta Eurojust lena mbaineann an cás tacaíocht a chur ar fáil i gcúrsaí comhair bhreithiúnaigh.

Féadfaidh OIPE tacaíocht Eurojust a iarraidh i gcásanna trasnáisiúnta a bhaineann le tríú tíortha.

Airteagal 9

Tacaíocht fhrithpháirteach maidir le hábhair oibríochtúla

1. Nuair is iomchúi, i gcásanna trasnáisiúnta a bhaineann le Ballstáit nach nglacann páirt i mbunú OIPE nó tríú tíortha, féadfaidh OIPE iarraidh ar Eurojust tacaíocht a sholáthar chun:
 - a. Cruinnithe comhordaithe a eagrú;
 - b. Imscrúduithe comhuaineacha comhordaithe (lárionaid chomhordúcháin) a dhéanamh;
 - c. Comhghoirne imscrúdaithe agus a gcuid oibríochtaí a bhunú;
 - d. Easaontachtaí dlínse a chosc agus a réiteach.
2. Maidir le hábhair oibríochta a bhaineann le hinniúlacht OIPE, féadfaidh Eurojust, nuair is iomchúi, iarraidh ar OIPE tacaíocht a sholáthar.

Airteagal 10

Cainéil chumarsáide

1. Agus faisnéis oibríochtúil á tarchur chuig Eurojust, rachaidh OIPE i dteagmháil leis an mBall/na Baill Náisiúnta lena mbaineann an cás. Féadfar faisnéis oibríochtúil a tharchur chuig pointe teagmhála ainmnithe ag Eurojust chun sainaithint an fhaighteora/na bhfaighteoirí ag Eurojust a éascú agus chun tacú le naisc a aithint a d'fhéadfadh a bheith ann idir na cásanna.
2. Agus faisnéis oibríochtúil á tarchur chuig OIPE, díreoidh Eurojust a chuid cumarsáide chuig an bPhríomh-Oifig nó chuig an Ionchúisitheoir Tarmligthe Eorpach ábhartha.

Airteagal 11

Cumarsáid leis na meáin

Maidir le himscrúduithe OIPE a bhaineann le Ballstáit nach nglacann páirt i mbunú OIPE nó tríú tíortha agus a sheoltar le tacaíocht ó Eurojust, déanfar cumarsáid leis na meáin i gcomhaontú idir na Páirtithe agus, más gá, na Ballstáit nó tríú tíortha lena mbaineann.

CAIBIDIL III

COMHAR INSTITIÚIDEACH AGUS RIARACHÁIN

Airteagal 12

Cruinnithe ardleibhéil

1. Tiocfaidh an Príomh-Ionchúisitheoir Eorpach agus Uachtarán Eurojust le chéile uair sa bhliain ar a laghad chun saincheistanna comhleasa a phlé agus chun comhaontú ar threoracha straitéiseacha chun a gcomhoibriú a fheabhsú.
2. Déanfaidh na Páirtithe sealaíocht ar eagrú na gcruinnithe, a bheidh ar siúl in áitreabh an Pháirtí a bhfuil cuireadh á thabhairt aige nó, mura bhfuil sé sin indéanta, trí mheán leictreonach lena n-áirítear físchomhdháil.

Airteagal 13

Foirne idirchaidrimh

1. Bunóidh gach Páirtí foireann idirchaidrimh.
2. Tiocfaidh foirne idirchaidrimh le chéile uair amháin sa bhliain ar a laghad, i bpearsa nó trí mheán leictreonach lena n-áirítear físchomhdháil, chun ábhair institiúideacha agus oibríochta, a bhfuil leas ginearálta ag baint leo, a phlé agus a chomhordú, agus chun measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme praiticiúil an tSocráithe Oibre seo agus na bhforálacha ábhartha sna Rialacháin is infheidhme. Glacfaidh na Páirtithe a seal mar chathaoirleach ar chruinnithe na bhFoirne Idirchaidrimh.
3. Ullmhóidh na foirne idirchaidrimh an cruinniú ardleibhéil dá dtagraítear in Airteagal 12 agus na hathbhreithniúcháin ar an Socrú Oibre seo de réir Airteagal 29.
4. Ainmneoidh gach Páirtí comhaltaí a fhoirne idirchaidrimh agus cuirfidh siad a chéile ar an eolas dá réir. Féadfar cuireadh a thabhairt do dhaoine eile freastal ar chruinnithe na bhfoirne idirchaidrimh nuair is gá.
5. Ainmneoidh gach Páirtí pointe iontrála do theagmhálacha ar an leibhéal oibre.

Airteagal 14

Freastal ar chruinnithe Choláiste Eurojust agus an Bhoird Feidhmiúcháin

1. Cuirfidh Eurojust OIPE ar an eolas faoi chruinnithe a Choláiste agus a Bhord Feidhmiúcháin, de réir an nós imeachta a bhunaítear in Airteagail 5(5)(c) agus 11(4) de Rialacha Nós Imeachta Eurojust.
2. De bhun Airteagal 5(5)(c) de Rialacha Nós Imeachta Eurojust, déanfaidh an tUachtarán measúnú ar chlár oibre chruinnithe an Choláiste chun saincheistanna a shainaithint atá ábhartha maidir le cúraimí OIPE a fheidhmiú. Tabharfaidh an tUachtarán cuireadh

d'ionadaí de chuid OIPE freastal ar na cruinnithe sin gan cheart vótála. Cuirfidh an tUachtarán na doiciméid ábhartha a thacaíonn leis an gclár oibre ar fáil d'ionadaí OIPE.

3. De bhun Airteagal 11(4) de Rialacha Nós Imeachta Eurojust, seolfaidh an tUachtarán clár oibre chruinnithe an Bhoird Feidhmiúcháin chuig an bPríomh-Ionchúisitheoir Eorpach agus rachaidh sé i gcomhairle leis/léi maidir leis an ngá a bheith rannpháirteach sna cruinnithe sin. Tabharfaidh an tUachtarán cuireadh d'ionadaí de chuid OIPE páirt a ghlacadh i gcrúinnithe an Bhoird Feidhmiúcháin, gan cheart vótála, aon uair a phléifear saincheistean a bhaineann le feidhmiú OIPE, de réir Airteagal 16(8) de Rialachán Eurojust.

Airteagal 15

Faisnéis straitéiseach agus oiliúint a mhalartú

1. Féadfaidh na Páirtithe faisnéis de chineál straitéiseach a mhalartú, amhail treochtaí agus dúshláin, ceachtanna a foghlaimíodh agus tuairimí agus torthaí eile a bhaineann lena gníomhaíochtaí faoi seach, a d'fhéadfadh tacú lena gcuid oibre.
2. Féadfaidh na Páirtithe cuireadh a thabhairt dá chéile chuig seimineáir, ceardlanna, comhdhálacha agus gníomhaíochtaí eile dá samhail atá ábhartha dá réimsí inniúlachta faoi seach.

Airteagal 16

Seirbhísí leasa choitinn a sholáthar do OIPE

1. De bhun Airteagal 100(4) de Rialachán OIPE agus Airteagal 50(6) de Rialachán Eurojust, féadfaidh Eurojust seirbhísí leasa choitinn, a rialófar trí shocrú ar leithligh, a sholáthar do OIPE.
2. Faoi réir acmhainní a bheith ar fáil agus sainorduithe na bPáirtithe a chur san áireamh, féadfaidh an socrú dá dtagraítear i mír 1 rialáil a dhéanamh ar chomhar idir na Páirtithe i réimse na hoiliúna gairmiúla.

CAIBIDIL IV

SONRAÍ PEARSANTA A PHRÓISEÁIL

Airteagal 17

Forálacha ginearálta

1. Beidh aon mhalartú agus tuilleadh próiseála ar shonraí pearsanta de réir agus bunaithe ar chreataí dlíthiúla na bPáirtithe faoi seach.
2. Coinneoidh na Páirtithe taifead ar tharchur agus ar fháil sonraí a chuirtear in iúl faoin Socrú Oibre seo, lena n-áirítear na forais le haghaidh tarchur den sórt sin.

Airteagal 18

Príobháideacht agus cosaint sonraí

Maidir le sonraí pearsanta a mhalartófar de bhun an tSocraithe Oibre seo, áiríteoidh na Páirtithe:

- a. go ndéantar na sonraí pearsanta a phróiseáil go dleathach agus go cothrom;

- b. go bhfuil na sonraí pearsanta a chuirtear ar fáil leordhóthanach agus ábhartha agus nach bhfuil siad iomarcach maidir le cuspóir sonracha na hiarrata nó an aistrithe;
- c. nach gcoinnítear na sonraí pearsanta níos faide ná mar is gá chun na críche ar soláthraíodh nó ar próiseáladh na sonraí tuilleadh de réir an tSocráithe Oibre seo. Ba cheart an gá sin a athbhreithniú i gcónaí de réir chreataí dlíthiúla na bPáirtithe faoi seach; agus
- d. i gcás go bhfuil forais ann chun creidiúint go bhféadfadh sonraí pearsanta a bheith míchruinn, tarraingeoidh aird an Pháirtí glactha ar na sonraí pearsanta a d'fhéadadh a bheith míchruinn gan mhoill chun go ndéanfar gníomh ceartaitheach iomchuí, nuair is gá.

Airteagal 19

Catagóirí speisialta sonraí pearsanta a tharchur

1. Sonraí pearsanta a nochtann bunús ciníoch nó eitneach, tuairimí polaitiúla, creideamh reiligiúnach nó fealsúnachta, ballraíocht ceardchumann, sonraí géiniteacha nó bithmhéadracha a úsáidtear chun duine a shainaithint go huathúil nó a bhaineann leis an tsláinte, cleachtadh gnéis nó gnéaschlaonadh – ní féidir na sonraí sin a chur ar fáil mura bhfuil sé riachtanach agus comhréireach chun críche atá leagtha amach in Airteagal 1 den Socrú Oibre seo.
2. Glacfaidh na Páirtithe coimircí leordhóthanacha, go háirithe bearta iomchuí teicniúla agus eagraíochtúla slándála, chun íogaireacht speisialta na gcatagóirí sonraí pearsanta, a luaitear i mír 1 den Airteagal seo, a chomhlíonadh agus chun cinntiú nach ndéanfar idirdhealú ar aon duine nádúrtha ar bhonn na sonraí pearsanta sin.

Airteagal 20

Cearta na n-ábhar sonraí

1. Rachaidh na Páirtithe i gcomhairle lena chéile sula ndéanfaidh siad aon chinneadh maidir le hiarratas duine aonair ar rochtain, ceartú, srianadh nó scriosadh sonraí pearsanta a próiseáladh i gcomhthéacs an tSocráithe Oibre seo chun cinntiú go gcuirtear san áireamh aon chúiseanna leis na srianta a bheidh dúisithe ag an bPáirtí eile.
2. Maidir le Eurojust, ba cheart dó a chinntiú, nuair is iomchuí, go gcuirtear san áireamh dearcadh na n-údarás náisiúnta a chuir na sonraí pearsanta ar fáil do Eurojust i dtosach.

Airteagal 21

Teorainneacha ama chun sonraí pearsanta a stóráil

Ní dhéanfar sonraí pearsanta a stóráil ach go ceann tréimhse nach faide ná mar is gá chun críocha an tSocráithe Oibre seo a bhaint amach nó chun na críocha ar bailíodh nó ar próiseáladh na sonraí ina leith de réir Airteagal 1 den Socrú Oibre seo. Ba cheart an gá sin a athbhreithniú i gcónaí de réir chreataí dlíthiúla na bPáirtithe faoi seach.

Airteagal 22

Slándáil sonraí

1. Cinntíonn na Páirtithe go n-úsáidtear na bearta teicniúla agus eagrúcháin riachtanacha chun sonraí pearsanta a fhaightear faoin Socrú Oibre seo a chosaint ó mhilleadh de thaisme nó ó mhilleadh neamhdhleathach, ó chaillteanas de thaisme nó ó nochtadh, leasú agus rochtain neamhúdaraíthe nó aon chineál próiseála neamhúdaraíthe eile. Cinntíonn na Páirtithe go háirithe nach féidir ach leo siúd a bhfuil cead rochtana ar shonraí pearsanta acu rochtain a fháil ar na sonraí sin.

2. Cuirfidh na Páirtithe a chéile ar an eolas faoi aon eachtraí slándála, agus go háirithe sárúithe sonraí a bhaineann le sonraí arna malartú i gcomhthéacs an tSocráithe Oibre seo.

Airteagal 23 **Aistriú ar aghaidh**

I gcás aistrithe ar aghaidh, lena n-áirítear chuig comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais, Ballstáit, tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta, gheobhaidh an Páirtí aistrithe réamhúdarú sainráite ón bPáirtí eile i dtéarmaí ginearálta nó faoi réir coinníollacha sonracha. Ní fhéadfar réamhúdarú den sórt sin a thabhairt ach nuair a cheadaítear é faoi chreat dlíthiúil infheidhmithe an Pháirtí as a dtagann na sonraí.

Airteagal 24 **Faisnéis rúnaicmithe a mhalartú agus a chosaint**

1. Déanfar na nósanna imeachta slándála maidir le malartú agus cosaint faisnéise rúnaicmithe, arna malartú idir na Páirtithe, a leagan amach in ionstraim maidir le malartú agus cosaint faisnéise rúnaicmithe arna comhaontú idir na Páirtithe.
2. Gan dochar d'aon fhorálacha eile de chreataí dlíthiúla na bPáirtithe faoi seach lena gceadaítear aistrithe eisceachtúla faisnéise rúnaicmithe, tá an malartú faisnéise rúnaicmithe de choinníoll ar thabhairt i gcrích na hionstraime maidir le malartú agus cosaint faisnéise rúnaicmithe

Caibidil V: **FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA**

Airteagal 25 **Cur chun feidhme teicniúil**

Féadfaidh na Páirtithe teacht ar chomhaontú maidir le bearta teicniúla agus praiticiúla iomchuí chun an Socrú Oibre seo a chur chun feidhme, más gá sin chun faisnéis a mhalartú nó forálacha na gcreataí dlíthiúla faoi seach a chur chun feidhme. Féadfaidh na bearta sin a bheith i bhfoirm ionstraime ar leithligh.

Airteagal 26 **Rochtain phoiblí ar dhoiciméid na bPáirtithe**

1. Rachaidh na Páirtithe i gcomhairle lena chéile sula ndéanfaidh siad aon chinneadh maidir le hiarraidh duine ar rochtain ar dhoiciméid a fuair ceachtar de na Páirtithe ón bPáirtí eile ar bhonn an tSocráithe Oibre seo.
2. Beidh spriocdháta le haghaidh freagra ag an údar Páirtí a ndeachthas i gcomhairle leis a chuirfidh ar chumas an Pháirtí eile a spriocdhátaí féin a chomhlíonadh le haghaidh freagartha, ach nach bhfuil níos giorra ná cúig lá oibre. Cheal freagra ón údar Páirtí roimh an spriocdháta forordaithe, rachaidh an Páirtí a iarradh rochtain a dheonú ar dhoiciméad de thionscnamh an Pháirtí eile ar aghaidh de réir a rialacha féin maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid, agus leas dlisteanach an údair Pháirtí á chur san áireamh ar bhonn na faisnéise atá ar fáil.

3. Ní bheidh feidhm ag forálacha mhíreanna 1 agus 2 nuair a bheidh an doiciméad nochtaithe cheana féin ag an údar Páirtí nó nuair a chomhaontóidh sé le nochtadh an doiciméid sin i scríbhinn.

Airteagal 27

Dliteanas as próiseáil neamhúdaraíthe, mícheart nó míchruinn sonraí

1. Beidh gach Páirtí faoi dhliteanas, de réir a chreata dhlíthiúil faoi seach, as aon damáiste a dhéantar do dhuine mar gheall ar phróiseáil neamhúdaraíthe, mícheart nó míchruinn a dhéanann an Páirtí ar shonraí.
2. Ní fhéadfaidh ceachtar de na Páirtithe pléadáil in aon imeachtaí a thionscnófar ina choinne gur tharchuir an Páirtí eile faisnéis mhíchruinn. Má tá Páirtí faoi cheangal méideanna a íoc a dhámhtar mar chúiteamh as damáistí do pháirtí díobhálaíthe, agus má tá na damáistí mar gheall ar mhainneachtain an Pháirtí eile cloígh lena oibleagáidí dlíthiúla faisnéis agus sonraí cruinne a tharchur, beidh an Páirtí deireanach faoi cheangal na méideanna sin a aisíoc, arna iarraidh sin. I gcás nach féidir teacht ar chomhaontú idir na Páirtithe maidir le damáistí a chinneadh agus a chúiteamh, socrófar an tsaincheist de réir an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 30.
3. Ní éileoidh na Páirtithe ar a chéile íoc as damáistí pionósacha nó damáistí neamhchúitimh faoi mhír 2 den Airteagal seo.

Airteagal 28

Costais

Íocfaidh na Páirtithe a gcostais féin a thiocfaidh chun cinn le linn cur chun feidhme an tSocráithe Oibre seo.

Airteagal 29

Athbhreithniú ar chur chun feidhme

1. Déanfaidh na Páirtithe comh-athbhreithniú gach dara bliain ar chur chun feidhme an tSocráithe Oibre seo.
2. Más rud é le linn an athbhreithnithe, go n-aithníonn na Páirtithe réimsí nach mór a mheas tuilleadh, féadfar leas a bhaint as díospóidí a réiteach faoi Airteagal 30 den Socrú Oibre seo.

Airteagal 30

Díospóidí a réiteach

1. Tiocfaidh na Páirtithe le chéile go pras arna iarraidh sin ag ceachtar de na Páirtithe chun teacht ar réiteach cairdiúil maidir le haon díospóidí a bhaineann le léirmhíniú nó cur chun feidhme an tSocráithe Oibre seo a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar an gcaidreamh comhoibritheach idir na Páirtithe.
2. Sa chás go dteipeann ar cheachtar de na Páirtithe forálacha an tSocráithe Oibre seo a chomhlíonadh, nó má tá Páirtí den tuairim go bhféadfadh a leithéid de mhainneachtain tarlú go luath amach anseo, féadfaidh ceachtar de na Páirtithe cur chun feidhme an tSocráithe Oibre seo a chur ar fionraí go sealadach, go dtí go gcuirtear mír 1 i bhfeidhm. Mar sin féin, beidh feidhm le hoibleagáidí ar gné dhílis iad de na Páirtithe faoin Socrú Oibre.

3. Murar féidir díospóid a réiteach trí chomhairliúchán de réir mhír 1, féadfaidh ceachtar de na Páirtithe a iarraidh dul i mbun caibidlíochta chun an Socrú Oibre seo a leasú de réir Airteagal 31.

Airteagal 31 Leasuithe

1. Féadfar an Socrú Oibre seo a leasú i scríbhinn tráth ar bith de chomhthoiliú idir na Páirtithe. Caithfidh aon leasú a bheith ceadaithe de réir chreataí dlíthiúla na bPáirtithe faoi seach.
2. Tiocfaidh an leasú sin i bhfeidhm an lá tar éis an dáta a thabharfaidh na Páirtithe fógra dá chéile faoi chomhlíonadh a gceanglas inmheánach.

Airteagal 32 Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Socrú Oibre seo i bhfeidhm an lá tar éis dháta a shínithe.

Airteagal 33 Foirceannadh

1. Féadfaidh ceachtar de na Páirtithe an Socrú Oibre seo a fhoirceannadh i scríbhinn le fógra trí mhí.
2. I gcás foirceanta, tiocfaidh na Páirtithe ar chomhaontú maidir le húsáid agus stóráil leanúnach na faisnéise a cuireadh in iúl eatarthu cheana féin.
3. Gan dochar do mhír 1, fanfaidh éifeachtaí dlíthiúla an tSocraithe Oibre seo i bhfeidhm.

Arna dhéanamh i ndúblach i mBéarla.

D'Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh

Do Eurojust

Laura Codruța Kövesi
Príomh-Ionchúisitheoir Eorpach

Ladislav Hamran
Uachtarán Eurojust

Arna dhéanamh ag Lucsamburg
ar 04/02/2021

Arna dhéanamh ar an Háig
ar 11/02/2021